# dlr times

TOGHCHÁIN SPEISIALTA – BEALTAINE 2024

FÉACH ISTEACH

**Cruinniú na nÓg & Coastival**

**Buaigh ticéid chuig Longitude**



# ABAIR LEAT!

## FAIGH EOLAS AR AN ÁITIÚIL AGUS TOGHCHÁIN EORPACHA AN 7 MEITHEAMH

dlr
Comhairle Contae County Council

INFORMATION AND NEWS FROM DÚN LAOGHAIRE-RATHDOWN COUNTY COUNCIL

# féach Isteach


Toghcháin Áitiúla agus Eorpacha ................ 03

NUACHT dlr

Teachtaireacht ón gCathaoirleach agus ón bPríomhfheidhmeannach .................. 04

PRÓIFÍL FOIRNE dlr

Stephen Brady ............................................ 04

TOGHCHÁN 2024 SPEISIALTA

Cén fáth ar cóir vótáil sna Toghcháin Áitiúla? ....... 06

Le linn saolré na comhairle seo 2019-2024 ........ 07

Vótálaithe Nua ................................................ 08

Léargais Suimiúla ó Thoghcháin Áitiúla 2019 ...... 08

EOLAS POIBLÍ dlr

Coastival 2024 ................................................ 09

Féile le Chéile 2024 ......................................... 09

Séasúr Snámha 2024 ........................................ 09

Comórtas: Pasanna go Longitude 2024 ............. 09

IMEACHTAÍ EALAÍONA AGUS LEABHARLANN dlr

Cruinniú na nÓg 2024 ..................................... 10

Mo Leabharlann Oscailte .................................. 10

Leabharlanna dlr Clár Taispeántais ................. 10

Oifig Ealaíon dlr Clár agus Imeachtaí don tSamhradh 2024 ..................................... 11

DO CHOMHAIRLEOIRÍ dlr .......................... 12


## Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

Áras an Chontae, Bóthar na Mara, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath, Éire. A96 K6C9
**TEILEAFÓN:** 01 205 4700
**RÍOMHPHOST:** info@dlrcoco.ie

—

**Oifig Ceantair Áitiúil Dhún Droma**
Páirc Oifige Dhún Droma, An tSráid Mhór, Dún Droma, D14
Luan – Aoine 9:30am go 12:30pm agus 1:30pm go 4:30pm
**TEILEAFÓN:** 01 205 4880
**RÍOMHPHOST:** info@dlrcoco.ie

dlrcoco.ie

dlrtourism.ie | events.dlrcoco.ie
libraries.dlrcoco.ie

Arna phriontáil in Éirinn ar pháipéir a fuarthas go hinbhuanaithe. Athchúrsáil i ndiaidh úsáide.

Arna dhearadh ag dlr

@dlrcc dlrcoco.ie

DunLaoghaireRathdownCountyCouncil

Más mian leat **dlr times** a fháil ar an ríomhphost, déan teagmháil linn ar: **commsoffice@dlrcoco.ie**

Tá dlr times ar fáil as Gaeilge – **dlrcoco.ie/dlrtimes**

## Teachtaireacht ón gCathaoirleach



*Fáilte go dtí an teagrán is déanaí do dlr Times, le bhéim speisialta ar na Toghcháin Áitiúla, atá ag teacht go luath.*

*Tá mé i mo sheirbhíseach poiblí le 33 bliain anuas agus tá an-taithí agam maidir leis an tábhachtach agus tionchar atá ag comhairleoirí sa timpeallacht áitiúil.*

*Ag tús mo théarma, chuir mé béim ar Thithíocht agus Gníomhú ar son na hAeráide mar dhá cheann de mo thosaíochtaí agus tá an-áthas orm dul chun cinn mór a fheiscint anseo le blianta anuas.*

*Tá dul chun cinn mór déanta ag Coill na Silíní maidir le réadmhaoine cónaithe agus tá a chéad tithe cónaithe le cur ar fáil do Chaisleán Sheangánaí faoi dheireadh 2024. D'fhreastail mé ar roinnt oscailtí tithíochta lena n-áirítear 67 teach nua a thóg an Chomhairle ag Cearnóg Bhaile Uí Ógáin, chomh maith le tithe i gcomhpháirtíocht le Comhlachtaí Tithíochta Inacmhainne ag Clay Farm agus Coill Chill Tiarnáin.*

*Agus muid ag breathnú ar an todhchaí tá Gníomhú ar son na hAeráide mar fhócas i gcónaí. Glacadh leis an bPlean Gníomhaíochta Aeráide, cuireadh tús leis an gClár Gníomhaíochta Pobail ar son na hAeráide agus rinneadh dul chun cinn suntasach ar bhealaí taistil gníomhaí timpeall an Chontae lena n-áirítear pas a fháil ar Scéim na Sráideanna Beo i nDún Laoghaire.*

*Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine a bhí páirteach as téarma rathúil agus taitneamhach mar Chathaoirleach.*

**AN COMHAIRLEOIR DENIS O'CALLAGHAN**

## Margaí na Comhairle Contae

**PÁIRC AN PHOBAIL & DLR LEXICON,** Dún Laoghaire
Domhnach 11r.n.-4i.n.

**PÁIRC MHARLAÍ**
Ráth Fearnáin, Baile Átha Cliath 16
Satharn 10r.n.-4i.n. agus Domhnach 11r.n.-4i.n.

## UIMHREACHA TEILEAFÓIN ÉIGEANDÁLA

**Lasmuigh de Ghnáthuaireanta:** 01 677 8844
[i ndiaidh 5i.n. agus an deireadh seachtaine]
**Daoine gan Dídean:** 1800 724 724
[seirbhísí iar-ama]
**Uisce Éireann:** 1850 278 278
[24 uair an chloig]

## Páirceanna dlr

**PÁIRC NA CARRAIGE DUIBHE**
**UAIREANTA OSCAILTE:** Rochtain Oscailte

**PÁIRC CHÁBÁN TSÍLE**
**UAIREANTA OSCAILTE:** M. Fómh. 8r.n. go 8i.n. | D. Fómh. 8r.n. go 7i.n. | Samh. – Ean. 8r.n. go 5i.n. | Feabh. 8r.n. go 6i.n. | Márta 8r.n. go 7i.n. | Aib. 8r.n. go 8i.n. | Beal. – Lun. 8r.n. go 10.30i.n.

**PÁIRC NA BHFIANNA**
**UAIREANTA OSCAILTE:** Rochtain Oscailte

**PÁIRC AGUS GAIRDÍNÍ CHNOC NA RAITHNÍ**
**UAIREANTA OSCAILTE:** 9r.n. - 6i.n.

**PÁIRC CHILL BHEAGÓIGE**
**UAIREANTA OSCAILTE:** Rochtain Oscailte

**PÁIRC CHNOC CHILL INÍON LÉINÍN**
**UAIREANTA OSCAILTE:** Rochtain Oscailte

**PÁIRC MHARLAÍ**
**UAIREANTA OSCAILTE:** M. Fómh. 9r.n. go 8i.n. | D. Fómh. 9r.n. go 6i.n. | Samh. – Ean. 9r.n. go 5i.n.
Feabh. – Márta 9r.n. go 6i.n. | Aib. 9r.n. go 9i.n. | Beal. – Lún. 9r.n. go 10i.n.

**PÁIRC AN PHOBAIL**
**UAIREANTA OSCAILTE:** Noll. – Márta 8r.n. go 4.30i.n.
Aib. – Beal. 8r.n. go 7.30i.n. | Meith. – M. Fómh. 8r.n. go 8i.n. |
D. Fómh. – Samh. 8r.n. go 7.30i.n.

**PÁIRC SHEANGÁNAÍ**
**UAIREANTA OSCAILTE:** Rochtain Oscailte

## Eolas faoi athchúrsáil

**PÁIRC ATHCHÚRSÁLA BHAILE UÍ ÓGÁIN**
Bóthar Bhaile Uí Ógáin
**TEILEAFÓN:** 01 291 3600
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan – Aoine 8.30r.n. go 5.30i.n., Sath. 9.30r.n. go 5.30i.n. | Domh./Lá Saoire Bainc 10.30r.n. go 5.30i.n..
**DÚNTA:** Oíche Nollag – Lá Fhéile Stiofáin, Lá Caille, Domhnach Cásca.

**IONAD ATHCHÚRSÁLA PHÁIRC ÉIDIN**
Bóthar Chnoc an tSamhraidh, Glas Tuathail
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan – Déar. 8.30r.n. go 4i.n.
Aoine – Sath. 8.30r.n. go 3.30i.n..
**DÚNTA:** Domhnach, Lá Saoire Bainc, Lá Saoire Poiblí.

**IONAD ATHCHÚRSÁLA SHEANGÁNAÍ**
Carrchlós na Reilige, Seanchill
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan – Déar. 8.30r.n. go 4i.n.
Aoine – Sath. 8.30r.n. go 3.30i.n..
**DÚNTA:** Domhnach, Lá Saoire Bainc, Lá Saoire Poiblí.

## Leabharlanna dlr

**dlr LexIcon**
Ardán Haigh, Páirc Uí Mhóráin, Dún Laoghaire, Co. A96 H283
**TEIL:** 01 280 1147
**OSCAILTE:** Luan – Déar. 9.30r.n. – 8i.n. Aoine go Sath. 9.30r.n. – 5i.n. | Domh. 12i.n.– 4i.n. Féinseirbhís amháin

**AN CHARRAIG DHUBH**
Halla Baile na Carraige Duibhe, An tSráid Mhór, Contae Átha Cliath. A94 YF76
**TEIL:** 01 288 8117
**OSCAILTE:** Luan, Céad., Aoine agus Sath. 9.30r.n. – 1i.n. – 5i.n. | Máirt agus Déar. 1.15i.n. – 8i.n.

**CÁBÁN TSÍLE***
Sean Bhóthar Bhré, Cábán tSíle, Baile Átha Cliath 18. D18 W773
**TEIL:** 01 285 5363
**OSCAILTE:** Luan, Céad., Aoine* nó Sath.* 9.30r.n. – 5i.n. | Máirt agus Déar. 1.15i.n. – 8i.n.

**DEILGINIS****
41 Sráid an Chaisleáin, Deilginis, Contae Átha Cliath. A96 AK28
**TEIL:** 01 285 5317
**OSCAILTE:** Luan, Céad., Aoine agus Sath. 9.30r.n. – 5i.n. | Máirt agus Déar. 1.15i.n. – 8i.n.

**GRÁINSEACH AN DÉIN****
Céide Chluain Caoin, Gráinseach an Déin, Baile Átha Cliath 18. D18 NY58
**TEIL:** 01 285 0860
**OSCAILTE:** Déar. 9.30r.n. – 8i.n. | Aoine agus Sath. 9.30r.n. – 5i.n.

**DÚN DROMA**
Bóthar Bhaile an Teampaill Uachtarach, Dún Droma, Baile Átha Cliath 14. D14 VP97
**TEIL:** 01 298 5000
**OSCAILTE:** Luan go Déar. 9.30r.n. – 8i.n. | Aoine agus Sath. 9.30r.n. – 5i.n.

**SEANCHILL***
Bóthar na Leabharlainne, Seanchill, Contae Átha Cliath. D18 DX43
**TEIL:** 01 282 3081
**OSCAILTE:** Aoine* nó Sath.* 9.30r.n. – 5i.n. | Máirt agus Déar. 1.15i.n. – 8i.n.

**STIGH LORGAN**
Aonad J (An chéad urlár), Lárionad Siopadóireachta Stigh Lorgan. A94 PR90
**TEIL:** 01 288 9655
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan, Máirt agus Céadaoin 10r.n. - 5i.n. | Déardaoin 10r.n. - 8i.n. | Aoine agus Satharn 10r.n. - 1i.n. agus 2i.n. - 5i.n.

* Bíonn na leabharlanna a bhfuil réiltín in aice leo ar oscailt ar an Aoine nó ar an Satharn - déan teagmháil leo chun sonraí breise a fháil.

** Mo sheirbhís Leabharlainne Oscailte: uaireanta oscailte sínte gan foireann, ag tosú ag 8am agus ag críochnú ag 10pm, 7 lá na seachtaine – ní mór duit clárú sa bhrainse le linn uaireanta foirne

\- Bíonn gach leabharlann dúnta ar an Satharn, ar an Domhnach agus ar an Luan más deireadh seachtaine saoire bainc atá ann, seachas seirbhís Mo Leabharlann Oscailte.

## CUIR DO THUAIRIM IN IÚL MAIDIR LE COMHAIRLIÚCHÁIN PHOIBLÍ

Táimid tiomanta a chinntiú go gcloisfear do ghuth maidir leis na cinntí a dhéanann difear duitse agus do do chomharsanacht i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin.
Ligeann ár n-ardán comhairliúcháin agus rannpháirtíochta dlrcoco.ie/haveyoursay duit do thuairimí a chur in iúl dúinn cad iad na tosaíochtaí agus na hábhair imní atá agat don Chontae.

# Bíodh do ghuth le cloisteáil ar an 7 Meitheamh

**Beidh tú in ann do cheart vótála a fheidhmiú sna Toghcháin Áitiúla agus Eorpacha Dé hAoine an 7 Meitheamh.**



## Toghcháin Áitiúla

Reáchtáiltear Toghcháin Áitiúla gach cúig bliana agus tugann siad deis duit vótáil ar son na n-iarrthóirí a dteastaíonn uait ionadaíocht a dhéanamh duit féin agus do do phobal ar leibhéal an rialtais áitiúil.

Tá gach duine atá 18 mbliana d'aois nó níos sine, beag beann ar a saoránacht, agus a bhfuil ina gcónaí i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin i dteideal vótáil sna toghcháin áitiúla don toghcheantar ina gcónaíonn siad. Tá sé thoghcheantar áitiúla i limistéar riaracháin Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, agus toghann gach ceantar roinnt Comhairleoirí bunaithe ar mhéid a bpobail. Toghfaidh limistéir na Carraige Duibhe agus Stigh Lorgain seisear Comhairleoir an duine, agus toghfaidh limistéir Dhún Droma, Dhún Laoghaire, Ghleann Cuilinn/Áth an Ghainimh agus Chill Iníon Léinín-Seanchill seachtar Comhairleoir an duine.

Is féidir liosta de na hiarrthóirí ainmnithe ar fad a fháil ag www.dlrcoco.ie agus foilseofar é le linn na tréimhse ainmniúcháin idir Dé Sathairn an 11 Bealtaine agus Dé Sathairn an 18 Bealtaine.

## Toghcháin Eorpacha

Tá gach saoránach an Aontais Eorpaigh a chónaíonn in Éirinn, agus atá 18 mbliana d'aois nó níos sine, i dteideal vótáil sna Toghcháin do Pharlaimint na hEorpa. Is féidir liosta d'iarrthóirí Bhaile Átha Cliath a fháil ag www.dublincountyreturningofficer.com

## Conas Vótáil

Ní mór duit a bheith ar ár gclár do thoghthóirí chun vótáil in aon cheann de na toghcháin seo. Is féidir leat cuairt a thabhairt ar voter.ie. chun seiceáil má tú ar an gclár Nó is féidir sonraí a sheiceáil inár n-oifigí i nDún Laoghaire nó in oifig Limistéar Dhún Droma

Dúnfar iarratais ar chlárú ar an 20 Bealtaine 2024, nó cuirtear srian an lá chéanna ar rochtain ar do shonraí a athrú le bheith incháilithe chun vótáil sna toghcháin Eorpacha agus Áitiúla ar an 7 Meitheamh 2024 Déanfar iarratais a fhaightear i ndiaidh an ama seo a mheas tar éis lá an toghcháin.

Dúnfar iarratais ar chlárú ar an 11 Bealtaine 2024, nó cuirtear srian an lá chéanna ar rochtain ar do shonraí a athrú le bheith incháilithe le haghaidh vóta poist sna toghcháin Eorpacha agus Áitiúla ar an 7 Meitheamh 2024. Déanfar iarratais a fhaightear i ndiaidh an ama seo a mheas tar éis lá an toghcháin.

Déan teagmháil linn le do thoil ag registerofelectors@dlrcoco.ie nó ar an teileafón (01) 205 4880. Chun tuilleadh eolais a fháil ar Sheirbhísí Toghcháin tabhair cuairt le do thoil ar www.dlrcoco.ie/register nó scanadh an cód QR thíos.

# Teachtaireacht ón gCathaoirleach, Denis O'Callaghan agus bPríomhfheidhmeannach, Frank Curran





San eagrán seo de dlr Times, cuirtear fócas speisialta ar ghné ríthábhachtach den rialachas áitiúil nach mbíonn ar siúl ach uair amháin gach cúig bliana – na Toghcháin Áitiúla. Ag titim ar an 7 Meitheamh, seo do sheans an Chomhairle nua a mhúnlú agus cén duine ar mian leat ionadaíocht a dhéanamh ar shon sna gcúig bliana amach romhainn chinneadh agus spreagfaimis gach duine agaibh plé leis na saincheisteanna inár bpobail áitiúla agus do vóta eolasach a chaitheamh ar an lá.


Oibríonn na Comhairleoirí a roghnaíonn tú lenár bhFoireann Bainistíochta chun cinntí a dhéanamh maidir le beartas, nósanna imeachta agus tionscadail, agus tá ról ríthábhachtach acu maidir le do phobail áitiúla agus an Contae ina iomláine a mhúnlú agus a fheabhsú. Tá maoirseacht déanta ag an gComhairle atá ag dul as oifig, a toghadh i mí na Bealtaine 2019, ar roinnt forbairtí suntasacha inár gcontae sna cúig bliana idir an dá linn. Le glacadh an Phlean Forbartha Contae agus leis an méadú ar ár mbuiséad bliantúil, ó €184 milliún in 2019 go €275 milliún in 2024, cuireadh mórthionscadail i gcrích, lena n-áirítear athoscailt Fholcadáin Dhún Laoghaire, trí pháirc nua ag Coill na Silíní, feabhsuithe ar an ríocht phoiblí ar fud ár mbailte agus ár sráidbhailte, éifeachtúlacht fuinnimh i soilsiú sráide agus i dtithe, tacaíochtaí pobail & gnó agus cothabháil leanúnach ar thithíocht, ar fhoirgnimh chorparáideacha, ar pháirceanna agus ar áiteanna súgartha agus ar Chuan Dhún Laoghaire. Chomh maith leis sin, tá tús curtha le hobair ar leabharlanna nua i mBaile Uí Ógáin agus i Stigh Lorgan agus cuirfear tús le scéim bóthair dáileacháin Ghleann na Muc i mbliana.

> “ seo do sheans an Chomhairle nua a mhúnlú agus cinneadh a dhéanamh ar cé atá tú ag iarraidh ionadaíocht a dhéanamh ort sna cúig bliana amach romhainn ”


Tá Gníomhú ar son na hAeráide ina fhócas spreagtha ag an gComhairle atá ag dul as oifig le glacadh an Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide, plean atá lárnach do thodhchaí na Comhairle agus a chuideoidh linn an t-aistriú go Contae a bheidh athléimneach ó thaobh aeráide de, ina mbeidh mórán bithéagsúlachta, a bheidh inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus a bheidh aeráidneodrach a bhaint amach faoi 2050. Sholáthraíomar an Bealach Soghluaisteachta Cósta atá aitheanta mar cheann de na bealaí is fearr feidhmiú i réigiún Bhaile Átha Cliath agus tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le taisteal gníomhach agus scéimeanna sráideanna beo ar fud an Chontae. Tá soláthar tithíochta fós ina phríomhfhócas agus cé go raibh cur isteach éigin ann mar gheall ar an gcastacht a bhain le Covid, tá dul chun cinn seasta déanta agus os cionn 3,300 teach curtha ar fáil thar chúig bliana na Comhairle seo. Tá dul chun cinn faoi seoigh á dhéanamh ag Coill na Silíní, maidir le soláthar tithe cónaithe, agus críochnaíodh 1,416 teach, tá 616 teach á dtógáil agus tá 4,867 teach ceadaithe agus tá na chéad tithe le soláthar faoi dheireadh na bliana seo ag Caisleán Sheangánaí.

Ba mhaith linn moladh a thabhairt don Chomhairle atá ag dul as oifig as a gcuid oibre uile agus as a dtiomantas do chontae bríomhar, inrochtana agus cuimsitheach a sholáthar le cúig bliana anuas, agus ba mhaith linn gach rath a ghuí ar gach iarrthóir a bheidh ag seasamh sa toghchán, bíodh siad ina n-iarrthóirí páirtí nó neamhpháirtí.

**CLLR. DENIS O'CALLAGHAN**



**FRANK CURRAN**





## próifíl foirne dlr



### Stephen Brady

CEANN COMHAIRIMH DO NA TOGHCHÁIN ÁITIÚLA STIÚRTHÓIR UM GHNÓTHAÍ CORPARÁIDEACHA

**Cad é ról Cheann Comhairimh an Údaráis Áitiúil?**
Tá an Ceann Comhairimh do na toghcháin áitiúla freagrach as gach ábhar a bhaineann leis na toghcháin áitiúla atá le teacht lena n-áirítear an próiseas Ainmnithe Iarrthóra, eisiúint na gCártaí Faisnéise Toghcháin, ullmhú na bPáipéar Ballóide, Vótáil Poist agus stiúradh an Áirimh don toghchán áitiúil.

**Cé atá incháilithe agus cad é an nós imeachta maidir le hIarrthóirí a Ainmniú?**
Tá duine a shroich 18 mbliana d'aois ar lá na vótála nó roimhe sin incháilithe chun seasamh lena t(h)oghadh agus féadfaidh sé nó sí é féin nó í féin a ainmniú mar iarrthóir don toghchán áitiúil nó féadfaidh duine atá cláraithe mar rialtas áitiúil é nó í a ainmniú, le toiliú an duine sin, sa toghcheantar áitiúil ina bhfuil sé beartaithe ag an iarrthóir seasamh lena t(h)oghadh. Tá an Ceann Comhairimh freagrach as ainmniúcháin a fháil, rud a thosaíonn ag 10am Dé Sathairn an 11 Bealtaine agus a chríochnaíonn ag 12 meán lae Dé Sathairn an 18 Bealtaine. Féadfaidh iarrthóir a iarrthóireacht nó a hiarrthóireacht a tharraingt siar am ar bith suas go dtí 12 meán lae Dé Luain an 20 Bealtaine 2024.

Déan teagmháil linn ag returningofficer@dlrcoco.ie chun coinne a dhéanamh agus d'fhoirm ainmniúcháin a thabhairt isteach.

**Cathain a bheidh Lá na Vótála ann?**
Is é lá na vótála Dé hAoine an 7 Meitheamh idir na huaireanta 7am agus 10pm. Ní mór do na Toghthóirí cártaí vótála agus faisnéis faoi stáisiúin vótála a sheiceáil ar www.dlrcoco.ie.

**Cá mbeidh comhaireamh an toghcháin áitiúil ar siúl?**
Tá an Ceann Comhairimh freagrach as comhaireamh an Toghcháin Áitiúil a stiúradh. Tar éis dheireadh na vótála cuirfear tús leis an gcomhaireamh i gCoill na Silíní, Co. Bhaile Átha Cliath tráthnóna Dé Sathairn an 8 Meitheamh. Nuair a bheidh an comhaireamh deiridh curtha i gcrích dearbhófar gurb iad an 40 iarrthóir leis an líon is mó vótaí a bheidh tofa chun ionadaíocht a dhéanamh do shaoránaigh agus do phobail Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin go ceann cúig bliana atá romhainn.

**Cad a tharlaíonn tar éis Chomhaireamh an Toghcháin Áitiúil?**
Tar éis an chomhairimh a thabhairt i gcrích reáchtálfar Cruinniú Bliantúil na Comhairle ar an 14ú lá tar éis Lá na Vótála, an 7 Meitheamh 2024. Léitear amach ainmneacha na n-iarrthóirí sin a toghadh ina gcomhaltaí de Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ag an gcruinniú agus rachaidh an Chomhairle ar aghaidh ansin chun Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach a thoghadh do 2024/2025.

**Cé atá freagrach as an Toghchán Eorpach do Pharlaimint na hEorpa?**
Beidh an 10ú Toghchán do Pharlaimint na hEorpa ar siúl freisin ar an 7 Meitheamh agus is é Sirriam an Chontae an Ceann Comhairimh Contae don Toghchán Eorpach. Beidh Comhaireamh Thoghcháin na hEorpa ar siúl Dé hAoine an 7 Meitheamh. Is féidir teacht ar gach iarrthóir ar Bhaile Átha Cliath ag dublincountyreturningofficer.com.



# Cén fáth ar cóir vótáil sna Toghcháin Áitiúla?

Is éard atá sa Chomhairle 40 ionadaí tofa áitiúil agus déanann sí ionadaíocht duit sa Chomhairle. Tá ról an-suntasach ag an 40 Comhairleoir seo sa rialtas áitiúil, agus iad ag déanamh ionadaíochta do thuairimí a bpobail, ag cur béime ar shaincheisteanna áitiúla agus ag tabhairt moltaí faoi bhráid oifigigh.

Forbraíonn do Chomhairleoirí an creat beartais iomlán, agus iad ag plé agus ag glacadh le réimse leathan de mhíreanna os a gcomhair lena n-áirítear buiséid bhliantúla na milliún euro, Pleananna Forbartha an Chontae, scéimeanna móra bonneagair agus tithíochta, tionscadail na ríochta poiblí, scéimeanna deontas, fodhlíthe, chomh maith le tograí beartas agus nós imeachta gan ach roinnt míreanna a ainmniú.

Déanann siad ionadaíocht duit mar vótálaí agus is cinnte go mbeidh tionchar ag a gcuid gníomhaíochtaí agus cinntí ort féin agus ar do phobal áitiúil, agus is é sin an fáth a bhfuil sé tábhachtach do cheart vótála a fheidhmiú.

Beidh príomhthosaíochtaí gach iarrthóra sa toghchán acu féin agus má thoghtar iad, beidh tionchar acu ar chinntí na Comhairle. Caith súil ar na hiarrthóirí i do thoghcheantar áitiúil. Cé acu de na hiarrthóirí ionchasacha as do thoghcheantar a chomhroinneann tuairimí leat? Féadfaidh siad a bheith ina n-ionadaí duit i Seomra na Comhairle go ceann 5 bliana atá romhainn.

Le linn gach toghcháin áitiúil, buaitear agus cailltear suíocháin ar bhonn dornán vótaí agus sin é an fáth a mbaineann tábhacht le do vóta. Téigh chuig https://www.dlrcoco.ie/electoral-services nó déan an cód QR a scanadh chun tuilleadh eolais a fháil maidir le Comhairleoirí agus a ról, cé atá ina (h)iarrthóir i do limistéar agus ar phróiseas vótála an toghcháin áitiúil.

## Cad atá tábhachtach duit agus cad iad na tosaíochtaí do do phobal, dar leat?

TITHÍOCHT



GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE






PÁIRCEANNA ÁITIÚLA, LEABHARLANNA AGUS ÁISEANNA ÁITIÚLA




RÍOCHT PHOIBLÍ & BONNEAGAR

# Le linn saolré na comhairle seo 2019-2024




**513**
cruinniú comhairle agus cruinnithe a bhaineann leis

Os cionn
**14m**
cuairt ar shuíomh gréasáin dlrcoco.ie




Os cionn
**683k**
idirghníomhaíocht le custaiméirí sa mhol sibhialta

Cuireadh Tionscadal
**Athfheistithe Fuinnimh Beaufort i gcrích**

Cuireadh tús le
**597**
teach a thógáil i Seangánach

Os cionn
**820k**
cuairteoirí ar an LexIcon

D'fhreastail
**30k**
duine ar imeachtaí oidhreachta

D'infheistigh oifig OFÁ (Oifig Fiontair Áitiúil) os cionn
**€9m**
i ndeontais ghnó


Os cionn
**280k**
bailiúchán de Big Belly

Os cionn
**167**
comhairliúchán poiblí

Cuireadh os cionn
**36k**
crann

**Cuireadh Bealach Soghluaisteachta an Chósta** agus bealaí éagsúla Taistil Ghníomhach i gcrích

**Folcadáin Dhún Laoghaire**
a athoscailt




Íocadh **84** Deontas chun Feabhas a chur ar Aghaidheanna Siopaí ar fiú
**€225k**
san iomlán iad

D'eagraigh Imeachtaí dlr
**130**
imeacht áitiúil agus thacaigh siad leo.

Osclaíodh
**3**
pháirc nua ag Coill na Silíní




Glacadh le Plean Forbartha Contae 2022-2028

# Vótálaithe Nua



An é seo an chéad uair duit vótáil i dtoghchán áitiúil? Ba cheart do gach duine atá incháilithe chun vótáil agus atá cláraithe cárta vótála a fháil sa phost roimh na toghcháin áitiúla Dé hAoine an 7 Meitheamh.

Inseoidh do chárta vótála duit an áit agus an uair ar cóir duit do vóta a chaitheamh. Ní gá duit an cárta vótála a thabhairt leat go dtí an stáisiún vótála ach cabhróidh sé sin leis an bhfoireann atá ag obair sa stáisiún chun do pháipéar ballóide a aimsiú agus a eisiúint duit.

Ní mór duit cineál éigin aitheantais a thabhairt leat, amhail pas nó ceadúnas tiomána. Nuair a bheidh d'aitheantas fíoraithe ag an bhfoireann san ionad vótála eiseofar páipéar ballóide duit agus is féidir leat vótáil.


Faoinár gcóras ionadaíochta cionmhaire, marcálann tú an páipéar ballóide trí uimhir 1 a chur os comhair an iarrthóra is fearr leat, agus uimhir 2 ina dhiaidh sin os comhair an dara iarrthóra is fearr leat agus mar sin de síos. Is féidir leat stopadh ag pointe ar bith nó an páipéar ballóide iomlán a líonadh. Féach ar an sampla de bhréagchárta vótála thall. Nuair a bheidh tú críochnaithe, fill do pháipéar ballóide agus cuir é sa bhosca a chuirtear ar fáil. Cuimhnigh gurb é pointe an daonlathais ná go mbíonn cead cainte ag gach duine agus go mbaineann tábhacht le gach uile vóta. Faoinár gcóras ionadaíochta cionmhaire, d'fhéadfaí Comhairleoirí a thoghadh le dornán vótaí, agus mar sin d'fhéadfadh gurb é do vóta an ceann a chinnfidh an toradh i do cheantar áitiúil!

Téigh chuig www.dlrcoco.ie chun tuilleadh eolais a fháil maidir le vótáil ionadaíochta cionmhaire.


## Cárta vótaíochta bréige

| Iarrthóir | Cleamhnas | Rogha |
|---|---|---|
| Aoife Allen | Cóisir A | 1 |
| Brian Brady | Cóisir B | |
| Conor Carey | Neamhspleách | 2 |
| Dearbhla Dowd | Cóisir C | 5 |
| Edmond Ellis | Neamhspleách | 3 |
| Fergal Finn | Cóisir D | 6 |
| Grainne Gunn | Neamhspleách | 4 |
| Harriet Herne | Cóisir E | |

# Léargais Suimiúla ó Thoghcháin Áitiúla 2019







- Le linn Thoghcháin Áitiúla 2019, tháinig síorathrú ar na Comhairleoirí a toghadh agus an Comhaontas Glas ag déanamh dul chun cinn suntasaigh ó thaobh suíocháin de. San iomlán, toghadh seisear dá n-iarrthóirí as an seasamh a bhí acu roimhe seo ina raibh beirt chomhairleoirí, agus toghadh gach duine acu tar éis an chéad chomhairimh agus ceathrar acu sin a bhfuair an vóta is airde ina dtoghcheantar ábhartha.
- Bhuaigh Fine Gael an líon is mó i leith ionadaíocht na suíochán, 13 shuíochán san iomlán faighte acu, agus Fianna Fáil sa dara háit ar an liosta le 7 suíochán.
- Caitheadh 1,898 vóta neamhbhailí agus beagnach trí cheathrú acu sin de bharr nár léiríodh an chéad rogha go soiléir.
- Ghnóthaigh an Comhaontas Glas agus an Lucht Oibre sé shuíochán agus dáileadh na hocht suíochán eile ar Neamh-Pháirtí (5), Dlúthpháirtíocht agus Pobal Roimh Bhrabús (2) agus na Daonlathaithe Sóisialta (1).
- Ba mhná iad 19 den 40 comhairleoir a toghadh, rud a fhágann gurb é Dún Laoghaire-Ráth an Dúin an céatadán is airde (47.5%) sa tír ina leith sin. B'ionann an meán náisiúnta agus beagnach leath den fhigiúr sin (23.81%).
- Ba é 166,369 Iomlán na dToghthóirí in 2019 agus b'ionann an vótáil bhailí iomlán agus 77,505, rud a fhágann gurb é 46.5% an líon iomlán de dhaoine a vótáil.
- Ba é 49% an líon ab airde de dhaoine a vótáil in LEA Dhún Droma agus 48% in LEA Stigh Lorgain,agus i gcomparáid leis sin, ba é 50.12 an figiúr náisiúnta de dhaoine a vótáil.
- San iomlán, bhí 73 iarrthóir ar fud na sé thoghcheantar áitiúla i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin.
- Ar fud na tíre, i ndiaidh na toghcháin áitiúla, a reáchtáladh ar an 24 Bealtaine 2019, toghadh 949 comhairleoir chun ionadaíocht a dhéanamh ar 166 toghcheantar áitiúil, agus sheas 1,977 iarrthóir sa toghchán.
- Ba é líon iomlán na ndaoine a bhí i dteideal vótáil i dtoghcháin áitiúla 2019 ná 3,535,450.



## Coastival 2024

Filleann Coastival, ceolchoirm a raibh an-rath air, i mí Iúil seo chugainn don dara bliain chun ceiliúradh a dhéanamh ar gach rud a bhfuil cion againn dó maidir le Dún Laoghaire.   Agus é ag óstáil imeachtaí éagsúla feadh an chósta, spreagfaidh Coastival cuairteoirí agus muintir na háite a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí uisce, seoltóireachta agus spraoi teaghlaigh idir Dé Sathairn an 29 Meitheamh - Dé Domhnaigh an 7 Iúil.
Tá tuilleadh eolais ar fáil  www.dlrcoco.ie

## Féile dlr maidir leis an gCuimsiú | Féile le Chéile 2024

### Ag Cothú Cairdis sa Phobal

Tá lúcháir ar Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin (dlr) Féile bhliantúil dlr maidir leis an gCuimsiú a óstáil chun aird a tharraingt ar thionscnaimh cuimsithe shóisialta agus iad a cheiliúradh agus chun tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do gach duine a bheith rannpháirteach go gníomhach sa phobal.

Beidh féile na bliana seo ar siúl ó Dé Céadaoin an 15 - Dé Domhnaigh an 26 Bealtaine 2024 agus is é téama fhéile na bliana seo ná "Ag Cothú Cairdis sa Phobal".

Gach bliain déanann na scórtha grúpaí agus eagraíochtaí pobail gníomhaíochtaí a óstáil, chomh maith le taispeántais, léirithe, cainteanna, maidineacha caife, imeachtaí oiliúna, seimineáir agus ceardlanna.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ó: Rannóg Pobail, Comhairle Contae dlr, 01 205 4893  / community@dlrcoco.ie / www.events.dlrcoco.ie

## Lá Bloom

Déanann Dún Laoghaire-Ráth an Dúin ceiliúradh ar Lá Bloom (an 16 Meitheamh) le bia, filíocht ó bhéal agus ciall ar leith don stíl ar a bhfuil clú agus cáil ar an lá. Bí páirteach sna himeachtaí i gCuas an Ghainimh, Glas Tuathail agus Deilginis chun ceiliúradh a dhéanamh ar an lá atá tiomnaithe do James Joyce agus dá úrscéal a bhfuil cáil dhomhanda air, Ulysses. . www.bloomsdayfestival.ie.  Tacaíonn Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin le himeachtaí áitiúla mar chuid den fhéile seo.







## Féile Leabhar Dheilginis

Tá sé beartaithe ag Féile Leabhar Dheilginis 2024 (an 13-16 Meitheamh), an chaibidil is déanaí d'imeacht bhliantúil atá á reáchtáil ó 2010 i leith, fáilte a chur roimh lear mór scríbhneoirí agus daoine mór le rá ón ardán, ón teilifís agus ó na scannáin. Is cinnte go mbeidh an baile oidhreachta ar leith faoi lánseol thar thréimhse ceithre lá na ceolchoirme. Faigh tuilleadh eolais ag  www.dalkeybookfestival.org.  Tacaíonn Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin leis an imeacht seo.



## Séasúr Snámha 2024

Tosaíonn an séasúr snámha ar an 1 Meitheamh agus críochnaíonn sé ar an 15 Meán Fómhair. Freastalaíonn gardaí tarrthála ar Rinn na Mara, ar Chuas an Ghainimh agus ar Chill Iníon Léinín i rith an ama seo.  Déantar sampláil rialta i rith na bliana ar naoi láthair chun monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht an uisce. Seo a leanas a bhíonn ann; Cladach Folcadáin na Carraige Duibhe, Trá Rinn na Mara, Folcadáin Dhún Laoghaire, Trá Chuas an Ghainimh, Ceantar Snámha Chladach an Daichead Troigh, Cuan na Coille Móire, Trá Chill Iníon Léinín, Trá na Carraige Báine, agus Trá na Coirre Báine.

Tá na torthaí ar fáil le breathnú orthu, agus postáiltear iad ar chláir fógraí trá i gcás ina bhfuil siad ar fáil, ar ár scáileáin dhigiteacha trá, ar ár suíomh gréasáin  dlrcoco.ie agus ar Beaches.ie tríd an GCC (An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil).

## Nocht do thuairim faoi Ghlasbhealach Chábán tSíle!



Bígí linn i Halla Scoil Naomh Bríd do Chailíní, An Pháirc, Cábán tSíle Dé Máirt an 11 Meitheamh ó 7-9pm chun tuilleadh eolais a fháil.
Cláraigh anseo: https://bit.ly/CabinteelyGreenwayRegistration

## Comórtas




### BUAIGH PÉIRE PASANNA AONLAE GO LONGITUDE 2024

Fillfidh Longitude ar Pháirc Mharlaí i mBaile Átha Cliath ón 29-30 Meitheamh leis na príomhaíonna **Doja Cat, Central Cee, Becky Hill** agus **21 Savage.** Seo deis duit greim fháil ar phéire ticéid saor in aisce don Satharn nó don Domhnach ag Longitude.

Níl le déanamh agat ach clárú leis an dlr Times.  Dúnfar an comórtas ar an 13 Meitheamh, agus déanfar teagmháil leis an mbuaiteoir an lá dár gcionn. Déan an Cód QR a scanadh chun cur isteach ar an gcomórtas.

# Cruinniú na nÓg 2024

**Dé Sathairn an 15 Meitheamh**

**Ag glaoch ar gach leanbh agus duine óg sa Chontae!**




Tá lúcháir orainn Cruinniú na nÓg a fhógairt ar fud Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin Dé Sathairn an 15 Meitheamh. Is éard is Cruinniú na nÓg ann lá náisiúnta saorchruthaitheachta de chuid Éire Ildánach do leanaí agus do dhaoine óga atá 0-18 mbliana d'aois. Tá sé mar aidhm aige rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga sa chultúr agus sa chruthaitheacht a cheiliúradh agus a spreagadh trí dhéanamh, trí ghníomhú agus trí chruthú. I mbliana beimid ag ceiliúradh ár nOidhreacht agus ár nÁit, agus lá teaghlaigh ar siúl i bPáirc na Carraige Duibhe, ceardlanna dúlra i bPáirc agus i nGairdíní Chnoc na Raithní, agus dioscó ciúin i gCearnóg Myrtle. Coinnigh súil ar an bpríomhshuíomh gréasáin dlrcoco.ie agus ar chainéil na meán sóisialta againn le haghaidh tuilleadh eolais agus tá súil againn go mbeidh tú in ann bheith linn ar an lá.

# Mo Leabharlann Oscailte

Tá an tseirbhís Mo Leabharlann Oscailte (MLO) i bhfeidhm faoi láthair ag Leabharlanna Dheilginse agus Ghráinseach an Déin agus cuireann sí uaireanta oscailte leathnaithe ar fáil do bhaill na leabharlainne ar bhonn féinseirbhíse lasmuigh d'uaireanta oscailte rialta ina mbíonn foireann ag obair, ó 8am go 10pm, 7 lá sa tseachtain. Le linn na n-uaireanta sínte seo, agus go háirithe le linn míonna an tsamhraidh, molaimid do theaghlaigh cuairt a thabhairt ar an leabharlann chun breathnaigh timpeall ar na bailiúcháin, chun earraí a fháil ar iasacht agus a thabhairt ar ais, chun rudaí a phriontáil/a scanadh/cóip a dhéanamh dóibh, úsáid a bhaint as Wifi/ríomhairí phearsanta na leabharlainne agus taitneamh a bhaint as spás na leabharlainne le chéile.

Ní mór duit cárta leabharlainne MLO a bheith agat atá sainghníomhachtaithe chun cuairt a thabhairt le linn uaireanta MLO. Is féidir leat clárú chuige seo le foireann i mbrainsí ainmnithe MLO. Ní mór duit clárú go leithleach do Leabharlann Dheilginis agus Leabharlann Ghráinseach an Déin chun an dá cheann a úsáid lasmuigh d'uaireanta ina mbíonn foireann ag obair ann. Ní mór duit a bheith 16 bliana d'aois nó níos sine chun leas a bhaint as cárta leabharlainne MLO. Is féidir le tuismitheoirí/caomhnóirí a gcárta MLO a úsáid ansin chun dul isteach sa leabharlann lena leanaí. Ba cheart d'aon duine atá níos sine ná 16 bliana d'aois a gcárta MLO féin a bheith acu chun dul isteach sa leabharlann, agus ba cheart go mbeadh tuismitheoir/caomhnóir in éineacht le daoine faoi 16 bliana d'aois i gcónaí le linn amanna MLO.

# Nuashonrú ar Leabharlanna dlr!



Le míonna beaga anuas, táimid ag obair ar ár seirbhísí a fheabhsú agus a leathnú d'úsáideoirí reatha agus d'úsáideoirí ionchasacha nua.

**Méadú ar Uaireanta Oscailte**

Ó mhí Márta 2024, tá ár spásanna leabharlainne ar oscailt 42 uair an chloig breise ina mbeidh foireann ag obair ann ar bhonn seachtainiúil, rud a fhágann go bhfuil 475.5 uair an chloig oscailte don phobal in aghaidh na seachtaine – 376 uair an chloig ina mbeidh foireann ag obair agus 99.5 uair an chloig féinseirbhíse. Áirítear leis na huaireanta oscailte athbhreithnithe seo oscailt 9.30am agus oscailt am lóin ar feadh an chuid is mó den tseachtain, agus tabharfar isteach oscailt oíche Dé Luain go dtí 8pm i 2 bhrainse breise chomh maith – Leabharlann Ghráinseach an Déin agus Leabharlann Dhún Droma.

**Suíomh Gréasáin na Leabharlainne Nua**

I mí Aibreáin 2024, sheolamar suíomh gréasáin nua Leabharlanna dlr, rud a ligfidh dúinn faisnéis a nuashonrú go tapa maidir lenár seirbhísí agus ár n-acmhainní; ónár mbailiúcháin leabhar go dtí ár gcuid bréagán agus ár dtrealamh céadfach, ón nuacht an bhrainse is déanaí go sonraí ar ár gclár imeachtaí, gan dearmad a dhéanamh ar ár mbailiúchán ábhar ar líne atá ag dul i méid.

Áirímid freisin leathanaigh ainmnithe chun faisnéis a fháil ar thionscnaimh áitiúla agus náisiúnta a bhfuil baint ag foireann na leabharlainne leo amhail an Feachtas um an gCeart chun Litearthachta a Léamh, Éire na Sláinte i do Leabharlann agus Leabharlanna a Thacaíonn le Daoine Breacaosta. Bígí linn agus ábhar á chur leis an suíomh/ábhar á bhogadh ar an suíomh chun eispéireas an úsáideora a fheabhsú agus a bheachtú.
https://libraries.dlrcoco.ie

## Leabharlanna dlr | CLÁR TAISPEÁNTAIS

### An rud ar Éigríochta agus Beag Bídeach é



**I rith mhí Bealtaine. Gairdín LexIcon, Páirc Uí Mhóráin.**

Tabhair cuairt ar an taispeántas grianghraif seo le linn mhí na Bealtaine mar chuid d'Fhéile Shléibhte Bhaile Átha Cliath, Féile na Sléibhe a mhairfidh ar feadh míosa. Tugtar leideanna maidir le tuiscint ár sinsear ar am, ar thírdhreach agus ar a n-áit sa dúlra sna tuamaí ársa ar bheanna Shléibhte Bhaile Átha Cliath. Ar scála eile go hiomlán - tá na hiontais bheaga ar a dtugtar brífítí le fáil ar fud na sléibhte. Ba iad seo na chéad phlandaí talún, agus bhíodar anseo ar domhan i bhfad roimh na chéad daoine.

### Taispeántas Bhliantúil Chumann Grianghrafadóireachta 'Offshoot'



**An 1 - an 31 Bealtaine. Leabharlann Ghráinseach an Déin.**

Tá áthas ar Chumann Grianghrafadóireachta 'Offshoot' a fhógairt go mbeidh a Taispeántas Bliantúil ar taispeáint arís i Leabharlann Ghráinseach an Déin do mhí na Bealtaine. Leagann an taispeántas béim ar shaothar grianghrafadóirí amaitéaracha áitiúla. Tugtar cuireadh do dhaoine áitiúla agus do chuairteoirí chuig an Leabharlann taitneamh a bhaint as an taispeántas iontach seo agus iad ag spaisteoireacht timpeall an cheantair.

### Tinneas Ainsealach: Taiscéalaíocht chruthaitheach



**An 16 – an 30 Bealtaine. Leibhéal 4, dlr LexIcon.**

Is toradh é an taispeántas seo ar thionscadal taighde a d'iarr ar dhaoine atá ag fulaingt ó einceifealaimiailíteas miailgeach nó Siondróm Tuirse Ainsealaí (ME/CFS), Covid Fadmharthanach, agus riochtaí ainsealacha eile chun úsáid a bhaint as na healaíona chun a chur in iúl conas mar atá sé a bheith ag maireachtáil le tinneas ainsealach. I measc na bhfreagraí, bhí grianghraif, líníochtaí, bróidnéireacht, cniotáil, colláisí agus filíocht. Bailíonn an taispeántas seo iad siúd go léir chun eispéiris daoine a bhfuil tinneas ainsealach orthu a roinnt, eispéiris a bhíonn dofheicthe den chuid is mó agus chun athléimneacht agus cruthaitheacht an phobail seo a thabhairt chun solais.

### 'Humans of Dublin'

**An 5 Meitheamh–an 25 Iúil. Leibhéal 3, dlr LexIcon. Seoladh: Déardaoin an 6 Meitheamh 6.00pm, fáilte roimh chách.**

Is údar é Peter Varga, chomh maith le grianghrafadóir, agus cruthaitheoir fheiniméan na meán sóisialta Humans of Dublin. Le deich mbliana anuas, tá teagmháil déanta aige leis na mílte duine ar shráideanna Bhaile Átha Cliath agus os cionn 2,500 portráid agus scéal postáilte aige ar a leathanach. Feidhmíonn a chuid oibre mar chartlann bheo de Bhaile Átha Cliath i láthair na huaire, agus féiniúlacht na cathrach atá ag teacht chun cinn á gabháil agus guthanna a muintire á gcaomhnú ar mhaithe na nglún atá le teacht. Áireofar sa taispeántas de 60 portráid seo 10 scéal ar leith a cruthaíodh go sonrach don taispeántas seo, ina mbeidh daoine as Dún Laoghaire.

Oifig Ealaíon dlr | **CLÁR AGUS IMEACHTAÍ DON tSAMHRADH 2024**



Debora Adachi

## Room to Explore,

### Taispeántas Ealaíne do leanaí 0–5 bliana d'aois

Helen Barry, Anne Bradley, Jane Hayes, agus Órla Kelly. Coimeádta ag Anne Craden.

**An Dánlann, Leibhéal 3, dlr LexIcon, Dún Laoghaire.**
**An 18 Bealtaine – an 11 Lúnasa 2024**

Tá sceitimíní orainn 'Room to Explore, Taispeántas Ealaíne do pháistí 0-5 bliana d'aois' a chur i láthair, lena n-áirítear saothair ealaíne leis na healaíontóirí Helen Barry, Anne Bradley, Jane Hayes agus Órla Kelly. Tá machnamh cúramach déanta ag na healaíontóirí ar na hábhair, na dathanna, na huigeachtaí agus d'oibrigh siad le leanaí luathbhlianta chun cabhrú leo na saothair ealaíne idirghníomhacha seo a chruthú. Agus tuiscint á fáil ar thábhacht fionnachtana rudaí nua do leanaí óga agus eolas a chur orthu, tá an taispeántas deartha le go dtabharfaidh leanaí óga agus a gcuid cúramóirí cuairt air agus go dtabharfaidh siad 'spás chun taiscéalaíocht a dhéanamh' air.

Mar chuid den chlár taispeántais, tá go leor dátaí cruthaitheacha againn do do dhialanna! Ag tosú leis an lá oscailte an 18 Bealtaine, tar chun bualadh leis na healaíontóirí agus bí páirteach i gceann de na ceardlanna do leanaí óga ar féidir le haon duine buaileadh isteach iontu saor in aisce.

## Clár Foghlama na Dánlainne



**Dánlann & Seomra Tionscadail, LexIcon dlr.**

An Samhradh seo, déan cinnte go gcuirtear ceann dár n-iomad ceardlanna, cainteanna, nó turais in áirithe, nó glac páirt sna Stiúideonna Ealaíne Oscailte. Agus go leor le fáil amach ón dath-theoiric go héiciphriontáil, tá rud éigin ann do gach duine. Leanann ár Stiúideonna Ealaíne Oscailte móréilimh ar aghaidh don tsamhradh le Kim Jenkinson nó gabh isteach ar an siúl is labhair le Coimeádaí 'Room to Explore' Anne Craden.

Is féidir ceardlanna a chur in áirithe ar www.eventbrite.ie, cuardaigh Dánlann LexIcon dlr.

Le haghaidh sonraí iomlána ar chlár an taispeántais téigh chuig www.dlrcoco.ie/arts nó cuir glaoch orainn ag (01) 2362759.



Luke Dunford

## Luke Dunford sa Cheolchoirm

**Dé Céadaoin an 10 Iúil, 7pm, Stiúideo, leibhéal 1, LexIcon dlr, Dún Laoghaire.**

Bígí ann le Ceoltóir atá ag Teacht Chunn Cinn dlr 2024, Luke Dunford, le haghaidh léiriú d'amhráin nua Func/Soul le Ciaran O'Malley arna gcruthú chun críocha albaim lena bhanna Chief Keegan. Rinne Luke staidéar ar Léiriú Snagcheoil ag Ionad Cheol na Páirce Nua i mBaile Átha Cliath, agus bhain sé céim amach in 2013. Tá sé ar cheann de na seinnteoirí pianó ag a bhfuil an méid is mó éileamh i mBaile Átha Cliath agus níos faide i gcéin, agus léirithe beo aige go dtí seo lena n-áirítear 3 Arena i Baile Átha Cliath, Sráid an Bhiocáire, Bord Gáis, Electric Picnic, agus Féile Snagcheoil Chorcaí; chomh maith le turais idirnáisiúnta ar na Stáit Aontaithe Meiriceá, an Eoraip agus an Bhreatain Mhór. Sheinn Luke le healaíontóirí amhail Ceolfhoireann Ceolchoirme RTÉ, Sharon Shannon, Lisa Hannigan, Susan O'Neill, agus Finbar Furey gan ach cuid acu a lua.

Beidh tuilleadh sonraí agus eolas faoi thicéad ar fáil ó www.dlrcoco.ie/arts nó seol ríomhphost chuig arts@dlrcoco.ie

Ina theannta sin, ar an 18 Meitheamh ag 1pm, beidh Luke agus Ciaran ag cur ceolchoirm neamhfhoirmiúil ar fáil ag am lóin ar fhaiche LexIcon DLR. Ceolchoirm "obair idir lámha" a bheidh anseo agus úsáidfear é chun na píosaí nua a thástáil, píosaí a raibh siad ag obair orthu le linn an chéad leath den chónaitheacht. Beidh sé suaimhneach, spraíúil agus funcaí agus oiriúnach do gach aoisghrúpa.




Sky Walkers, Méadhbh O'Connor

## Dúlra agus Áit

Nals éard is Dúlra agus Áit sraith de shaothair ealaíne sealadacha, ar a mbíonn foraoisí Thigh an Chnoic, Thigh Bródáin, Bharr na Slinneán, Charraig Uallacháin, Chill Mochióg agus Bhaile Éamainn Duibh á spreagadh. Áirítear ann ReRoot, a bhí ina rian fuaime leis an ealaíontóir agus cumadóir Robert Coleman agus leis an rinceoir agus an córagrafaí Laura Sarah Dowdall; Sky Walkers, sraith de shé dhán sonacha le Méadhbh O'Connor; agus Silva leis an ngrianghrafadóir Martin Healy. Tá comhaid fuaime Sky Walkers agus léarscáil le haghaidh siúlóidí féintreoraithe, agus PDF de Silva, ar fáil le híoslódáil ó shuíomh gréasáin Oifig Ealaíon dlr.
https://www.dlrcoco.ie/arts/visual-arts-and-film/nature-and-place-commissions

## Great Big Giant Short Story Experiment




**An 22 Meitheamh. Stiúideo, dlr LexIcon (in aice le Ink Cafe).**

Arna cheapadh ag an Scríbhneoir Cónaithe de chuid Chomhairle Contae dlr, scríbhneoir atá ag Teacht chun Cinn, Sonya Gildea agus 'The Stinging Fly', is iniúchadh lae, domhain agus idirghníomhach é the Great Big Giant Short-Story Experiment ar fhoirm an ghearrscéil leis na scríbhneoirí Wendy Erskine, Sheila Armstrong, Stephen Sexton & Danielle McLaughlin. Sula dtiocfaidh siad le chéile ar an 22 Meitheamh ag Amharclann an LexIcon, iarrfar ar ár gceathrar scríbhneoir agus ar gach rannpháirtí den lucht éisteachta againn gearrscéal a scríobh ar shraith de leideanna scríbhneoireachta agus é a chur faoi bhráid GBGSSE laistigh de 48 uair an chloig.

Booking: www.dlrcoco.ie/arts.

## Trí Mhionlíne




**An 18 Bealtaine ag 2pm.**
**Faiche LexIcon.**

Arna chur i láthair ag 'Festival in a Van' agus IMRAM, tugann Trí Mhionlíne cuireadh do lucht éisteachta de gach aois dul ar shiúlóid gingko earraigh faoi stiúir ealaíontóirí i nDún Laoghaire aoibhinn. Arna spreagadh ag timpeallacht na rannpháirtithe, treorófar iad agus iad ag cumadh a gcuid haiku féin i nGaeilge agus i mBéarla, agus beidh deis acu a dtrí mhionlíne a léamh ar an stáitse ag 'Festival in a Van'. Tá an t-imeacht dátheangach seo oiriúnach do thosaitheoirí agus oiriúnach do chách; molaimid duit teacht fiú mura bhfuil geábh bainte agat as an bhfilíocht riamh, agus do neachtanna agus nianna a thabhairt leat, chomh maith le do chomharsana agus do mhaimeo! Cuirfidh beirt fhile haiku, Liam Carson agus Maeve O'Sullivan tús leis an tráthnóna chun súnna cruthaitheacha a spreagadh, agus beidh ceol tionlactha ag an gcumadóir mór le rá Seán MacErlaine. Arna maoiniú ag Foras na Gaeilge agus Oifig Ealaíon dlr.

Níl Áirithint ag Teastáil

